AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.12.2022
COM(2022) 719 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le staidreamh a thiomsaítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 maidir le staidreamh dramhaíola agus a cháilíocht

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le staidreamh a thiomsaítear de bhun Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 maidir le staidreamh dramhaíola agus a cháilíocht

1. RÉAMHRÁ

Le Rialachán (CE) Uimh. 2150/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2002 maidir le staidreamh dramhaíola[1] ('an Rialachán'), cuirtear ar bun creat chun staidreamh dramhaíola a tháirgeadh san Aontas. Ceanglaítear le hAirteagal 8(1) den Rialachán go gcuirfidh an Coimisiún tuarascáil isteach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle gach 3 bhliain maidir le cur chun feidhme an Rialacháin (ach amháin sa chéad tuarascáil, a bhí le cur isteach laistigh de 5 bliana de theacht i bhfeidhm an Rialacháin). Foilsíodh na tuarascálacha a bhí ann roimhe seo in 2008[2], 2011[3], 2014[4], 2016[5] agus 2020[6].

Tagraíonn an tuarascáil seo do cháilíocht na sonraí ar an dramhaíl a gineadh agus a cóireáladh in 2018, a rinneadh bailiú sonraí ina leith in 2020. Tráth scríofa na cáipéise seo, níl torthaí an chleachtaidh maidir le bailiú sonraí 2022 ar fáil go fóill. De réir an Rialacháin, ní mór sonraí a bhailiú gach dara bliain, sna 'blianta réidhe', maidir le:

- giniúint dramhaíola,
- cóireáil dramhaíola, agus
- gléasraí cóireála dramhaíola. imdhealaithe go leibhéal NUTS 2.

2. RIALACHÁN MAIDIR LE STAIDREAMH DRAMHAÍOLA

Sa Rialachán seo, leagtar amach na sonraí staidrimh nach mór do na Ballstáit a chur isteach, chomh maith leis an gcáilíocht is gá le haghaidh na sonraí sin. Leagtar amach na sainmhínithe i dTreoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl (an Treoir Réime Dramhaíola)[7]. Is féidir le Ballstáit cinneadh a dhéanamh ar an modh sonrach a úsáidtear chun staidreamh dramhaíola a dhéanamh. Dá bhrí sin, is féidir leo úsáid a bhaint as córais bailithe sonraí atá ann cheana, rud a laghdaíonn an t-ualach riaracháin a bhainfeadh le comhlíonadh an Rialacháin. Soláthraítear príomhstaidreamh sa Rialachán, i.e. sonraí a bhailítear go díreach nó trí fhoinsí riaracháin, ach nach ndíorthaítear ó staidreamh eile).

1 IO L 332, 9.12.2002, lch. 1.
2 COM(2008) 355 final, 13.6.2008.
3 COM(2011) 131 final, 17.3.2011.
4 COM(2014) 79 final, 14.2.2014.
5 COM(2016) 701 final, 3.11.2016.
6 COM(2020) 54 final, 14.2.2020.
7 IO L 312, 22.11.2008, lch. 3.

Ceanglaítear leis an Rialachán (Iarscríbhinn I, Roinn 7) ar Bhallstáit tuarascáil cháilíochta a chur isteach in éineacht leis na sonraí. Sna tuarascálacha seo, ní mór do na Ballstáit tagairt a dhéanamh do ghnéithe cáilíochta a úsáidtear go minic sa Chóras Staidrimh Eorpach[8], agus a leagtar amach i Rialachán (CE) Uimh. 1445/2005 ón gCoimisiún maidir le cáilíocht an staidrimh dramhaíola[9].

Ó glacadh an Rialachán, leasaíodh é roinnt uaireanta. I mí Mheán Fómhair 2010, rinneadh nuashonrú teicniúil air le Rialachán (AE) Uimh 849/2010 ón gCoimisiún[10], chun athrú maidir le haicmiú na sruthanna dramhaíola a thabhairt isteach (EWC-Stat), agus chun na hoibríochtaí aisghabhála – 'athchúrsáil' agus 'aislíonadh' – a theorannú.

In 2018, le Treoir (AE) 2018/851 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle rinneadh leasú ar an Treoir Réime Dramhaíola, agus socraíodh sprioc-am an 5 Iúil 2020 chun ábhar na Treorach a thrasuí sa reachtaíocht náisiúnta. Ní bhíonn tionchar ag an leasú sin ar bhailiú sonraí an staidrimh dramhaíola a chumhdaítear sa tuarascáil seo.

I staidreamh ar ábhair bheartais amhail an geilleagar ciorclach, úsáidtear sonraí a bhailítear i gcomhréir leis an Rialachán mar ionchur – . I mí an Mhárta 2020, ghlac an Coimisiún a Phlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach[11] lena n-áirítear bearta chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an Aontais i dtreo geilleagar ciorclach. Chuige sin, tá creat faireacháin ina bhfuil 10 táscaire cruthaithe ag an gCoimisiún, rud a sholáthraíonn rochtain éasca ar na sonraí ábhartha don lucht ceaptha beartas agus don phobal. Foilsíonn agus coinníonn an Coimisiún (Eurostat) an creat faireacháin sin ar bun[12]. Tá táscairí an chreata *giniúint dramhaíola, dramhaíl bhia, ráta athchúrsála, sruthanna sonracha dramhaíola* agus *ráta úsáide ábhair chiorclaigh* bunaithe go hiomlán nó go páirteach ar shonraí a bhailítear faoin Rialachán.

Úsáidtear na sonraí bunaithe ar an Rialachán freisin chun faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn an Aontais i dtreo na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. Eisíonn an Coimisiún (Eurostat) tuarascáil a ghabhann pacáiste faisnéise leis ar líne[13] gach bliain. Úsáidtear na táscairí *ráta úsáide ábhair chiorclaigh* agus *giniúint dramhaíola seachas príomhdhramhaíl mhianrach* i sprioc SDG 12 don tuarisciú sin.

3. TRÁTHÚLACHT AGUS PONCÚLACHT

8 Leathanach gréasáin Eurostat maidir le tuairisciú cáilíochta: https://ec.europa.eu/eurostat/web/quality/overview.
9 IO L 229, 6.9.2005, lch. 6.
10 IO L 253, 28.9.2010, lch. 2.
11 https://ec.europa.eu/environment/circular-economy/index_en.htm
12 https://ec.europa.eu/eurostat/web/circular-economy/indicators
13 https://ec.europa.eu/eurostat/web/sdi

Glacadh na sonraí

Ní mór tuarascálacha sonraí agus cáilíochta a chur faoi bhráid an Choimisiúin (Eurostat) gach 2 bhliain laistigh de 18 mí de dheireadh na bliana tagartha[14].

I gcomparáid le blianta eile, níl athrú tagtha ar chomhlíonadh sprioc-am tuairiscithe an chleachtaidh maidir le bailiú sonraí le haghaidh na bliana tagartha 2018. San iomlán, rinne 22 Bhallstát agus 1 thír CSTE tacair sonraí iomlána agus tuarascálacha cáilíochta a thuairisciú in am. Chuir trí Bhallstát roinnt dá sonraí isteach níos lú ná 1 mhí i ndiaidh an sprioc-ama. Chuir dhá Bhallstát agus dhá thír CSTE tuarascálacha sonraí agus cáilíochta araon isteach níos mó ná 1 mhí i ndiaidh an sprioc-ama. Chuir tír amháin CSTE tacair sonraí isteach níos mó ná 6 mhí i ndiaidh an sprioc-ama.

Chuir sé thír sna Balcáin Thiar isteach sonraí freisin, ar bhonn deonach. Chuir dhá cheann acu na tacair sonraí iomlána agus na tuarascálacha cáilíochta isteach in am, agus chuir ceann amháin acu na sonraí giniúna dramhaíola agus cóireála dramhaíola isteach in am. Níor chuir na trí thír eile ach na sonraí giniúna dramhaíola amháin isteach, agus níos mó ná 2 mhí i ndiaidh an sprioc-ama.

Tá céimeanna á nglacadh ag an gCoimisiún (Eurostat) chun na Ballstáit a spreagadh chun athbhreithniú a dhéanamh ar a bpróisis táirgthe staidrimh agus chun sonraí ard-cáilíochta a sheachadadh laistigh de na spriocanna ama a leagtar amach. Iarradh ar na Ballstáit ábhartha míniú a thabhairt ar an gcúis a tuairiscíodh na sonraí déanach. In 2020 (sonraí tagartha 2018) is cosúil go raibh an tuairisciú déanach eisceachtúil go príomha de bharr an chuir isteach thromchúisigh a bhí ag paindéim COVID-19 ar ghníomhaíochtaí staidrimh.

Foilsiú

Dheimhnigh an Coimisiún (Eurostat) sonraí na giniúna agus na cóireála dramhaíola a thuairiscigh na Ballstáit, agus d'fhoilsigh sé na torthaí don bhliain tagartha 2018 an 14 Meán Fómhair 2020 ar bhunachar sonraí ar líne Eurostat[15]. Foilsíodh sonraí maidir le saoráidí cóireála dramhaíola de réir réigiún 2 lá níos déanaí, an 16 Meán Fómhair 2020. Bhí ailt 'Staidreamh arna Mhíniú' ar líne agus táirgí scaipthe eile ag gabháil leis na tacair sonraí.

4. IOMLÁINE

Tháinig laghdú suntasach ar líon na luachanna nár tuairiscíodh sna ceistneoirí, chomh maith le líon na mBallstát agus na dtíortha CSTE a thug na freagraí páirteacha sin maidir le sonraí giniúna dramhaíola idir na blianta tagartha 2010 agus 2018. Maidir le bliain tagartha 2010, thuairiscigh ocht dtír luachanna in easnamh, ach laghdaigh sin go dtí aon tír amháin le

14 Rialachán (CE) 2150/2002, Roinn 7(2) d'Iarscríbhinní I agus II.

15 https://ec.europa.eu/eurostat/data/database

haghaidh na bliana tagartha 2018. Tháinig laghdú ar uimhir iomlán na luachanna in easnamh ó 1 668 i mbliain tagartha 2010 go dtí aon cheann amháin i mbliain tagartha 2018.

Tá feabhas comhchosúil le feiceáil sna sonraí cóireála dramhaíola. Níor tuairiscíodh ach sé luach in easnamh maidir le cóireáil dramhaíola le haghaidh na bliana tagartha 2018, i gcomparáid le 263 luach in easnamh don bhliain tagartha 2010.

Déanann roinnt tíortha sonraí rúnda a thuairisciú chomh maith, agus ní mór don Choimisiún (Eurostat) gan iad a fhoilsiú. Spreagann sé sin cóireáil rúndachta tánaistí sa bhreis, i.e. ní dhéantar tuilleadh sonraí a fhoilsiú, chun a sheachaint go mbeadh aon úsáideoir in ann sonraí rúnda ar an leibhéal náisiúnta a bhaint nó a dhéaduchtú. Chun comhroinnt na sonraí nach féidir a bheith foilsithe mar gheall ar rúndacht thánaisteach a laghdú, scoir an Coimisiún de bheith ag foilsiú cuid mhór de na comhiomláin staidrimh, amhail iad siúd maidir le dramhaíl ainmhithe agus chothaitheach.

5. BAILÍOCHTÚ SONRAÍ AG AN GCOIMISIÚN (EUROSTAT)

Leanann an Coimisiún (Eurostat) de bheith ag beachtú agus ag cur feabhas ar an gcóras rialaithe cáilíochta sonraí, agus de bheith ag uasdátú na dtreoirdhoiciméad modheolaíochta le haghaidh na mBallstát. Tá na doiciméid sin le fáil ar Shuíomh gréasáin Eurostat.

Ón gcéad bhailiúchán sonraí faoin Rialachán in 2004, chuir an Coimisiún ar bun córas rialaithe cáilíochta sonraí dhá chéim éifeachtúil chun na sonraí a fhaightear ó na Ballstáit a sheiceáil.

Sa chéad chéim, déanann an Coimisiún (Eurostat) meastóireacht sciobtha – laistigh de 2 mhí – ar na tuarascálacha sonraí agus cáilíochta a chuirtear isteach. Le linn na céime sin, dírítear an bailíochtú sonraí go príomha ar chomhleanúnachas inmheánach na sonraí nua agus na forbairtí thar thréimhse ama. Déantar an anailís ar leibhéal an-chomhiomlánaithe, agus é d'aidhm aici bristeacha móra san amshraith a shainaithint, agus a dheimhniú go bhfuil na sonraí oiriúnach le bheith foilsithe. Ansin, seolann an Coimisiún (Eurostat) tuarascálacha meastóireachta aonair ar ais chuig na Ballstáit. D'fhéadfadh sé sna tuarascálacha meastóireachta sin go n-iarrfaí míniú agus/nó athbhreithniú sonraí, de réir mar is gá. Foilsíonn an Coimisiún (Eurostat) na sonraí bailíochtaithe.

Cumhdaítear grinn bhailíochtú sa dara céim. Áirítear leis sin anailís a dhéanamh ar na sonraí ar leibhéal níos mionsonraithe (e.g. de réir earnála eacnamaíche agus dramhaíola), chomh maith le comparáid a dhéanamh ar phatrúin agus ar fhorbairtí i measca na dtíortha. Is é is cuspóir don ghrinnbhailíochtú sin neamhréireachtaí a shainaithint, ní hamháin sin ach feabhas a chur ar cháilíocht na sonraí go fadtéarmach. Áirítear sna seiceálacha bailíochtaithe:

- comparáidí laistigh de thíortha maidir le giniúint dramhaíola le haghaidh gach gníomhaíochta eacnamaíche, agus luachanna ó bhlianta roimhe sin;

- comparáidí idir na sonraí le haghaidh gach gníomhaíochta eacnamaíche i measc na dtíortha;
- comparáid laistigh de thíortha maidir le dramhaíl arna giniúint agus arna cóireáil le haghaidh gach catagóire dramhaíola;
- cros-seiceálacha le sonraí dramhaíola ó oibleagáidí tuairiscithe eile, amhail faireachán ar chomhlíonadh faoi reachtaíocht eile a bhaineann le dramhaíl.

Déantar na torthaí a sheiceáil i gcoinne an mhéid seo a leanas: (i) tuarascálacha cáilíochta na dtíortha; (ii) an t-aiseolas ón gcéad chéim mheastóireachta; agus (iii) aon doiciméad eile atá ar fáil, e.g. doiciméadacht tuairiscithe ó bhlianta roimhe sin. Pléitear na torthaí ansin leis an mBallstát tuairiscithe.

6. CUMHDACH

Cumhdach sonraí

Ní mór do na Ballstáit staidreamh ar ghiniúint dramhaíola maidir le gach earnáil eacnamaíoch agus maidir le teaghlaigh a thiomsú. Ní mór don staidreamh sin an dramhaíl a eascraíonn as oibríochtaí diúscartha agus aisghabhála, dá ngairtear freisin dramhaíl thánaisteach, a chur san áireamh. Ní mór dó an dramhaíl ó ghnólachtaí beaga (níos lú ná 10 bhfostaithe) a chumhdach freisin, ach bunaithe ar Airteagal 3(2) den Rialachán, áfach, ba cheart na gnólachtaí beaga sin a dhíolmhú ó suirbhéanna i ngach cás inar féidir é, ach amháin má chuireann siad go mór leis an nginiúint dramhaíola. I gcás nach ndéantar suirbhéanna ar ghnólachtaí beaga, bailítear sonraí ó fhoinsí riaracháin nó cumhdaítear iad le meastacháin.

Ní mór staidreamh ar chóireáil dramhaíola agus ar shaoráidí dramhaíola a thiomsú le haghaidh oibreoirí na saoráidí cóireála uile. Reachtaínn roinnt fiontair mhóra a ngléasraí cóireála dramhaíola féin, agus bíonn orthu tuairisciú chomh maith.

Is iad seo a leanas dhá thoradh thábhachtacha ó bhailíochtú an staidrimh ón mbliain tagartha 2018:

- Ní féidir le roinnt Ballstát tuarascáil a dhéanamh ar an gcatagóir chóireála ‘aislíonadh’[16] go fóill, agus déanann siad ‘in easnamh’ a thuairisciú. Baineann roinnt acu úsáid as an gcatagóir aislíonta chun líonadh talún a thuairisciú, agus, mar sin, ligeann siad orthu go bhfuil níos lú aislíonta agus níos mó aisghabhála. Aimsíodh an fhadhb sin le linn an bhailíochtaithe. D’áitigh an Coimisiún (Eurostat) ar na Ballstáit lena mbaineann feabhas a chur ar an gcás sin chun tacair sonraí atá iomlán ceart a thuairisciú.

[16] De réir Airteagal 3(17a) de Threoir 2008/98/CE, ‘ciallaíonn [aislíonadh] aon oibríocht aisghabhála ina n-úsáidtear dramhaíl neamhghuaiseach oiriúnach chun críoch míntíriúcháin i limistéir thochailte nó chun críoch innealtóireachta i dtírdhreachú’.

- Maidir leis an gcatagóir dramhaíola ‘dramhaíl cúraim sláinte agus bithdhramhaíl’ braitheann an difríocht idir dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl neamhghuaiseach ar an reachtaíocht náisiúnta. Mar shampla, cóireáiltear leigheasanna agus taisí daonna ar bhealaí difriúla agus ní féidir meastachán ceart a dhéanamh ar an difríocht sin, rud a chruthaíonn saincheisteanna inchomparáideachta idir Ballstáit sa chatagóir dramhaíola sin.

Miondealú de réir na hearnála eacnamaíche

Léirítear le torthaí an bhailíochtaithe go bhfuil sainaithint na hearnála eacnamaíche a ghineann an dramhaíl leordhóthanach chruinn. Ní minic a bhíonn cásanna sannta neamhdhealraithigh ann. Go ginearálta, déantar iad a shainaithint le linn an bhailíochtaithe, agus sa chaoi sin déantar iad a mhíniú nó a cheartú. Is eisceacht í ghiniúint na bhfeithiclí diúscartha. Ní dhéanann teaghlaigh ná fiontair bheaga a bhfeithiclí diúscartha a dhíchlárú, ach déantar iad a dhíchlárú trí gharáiste nó trí dhéileálaí gluaisteán, agus sa tslí sin cláraítear iad faoi chatagóir gníomhaíochta eacnamaíche (Aicme NACE Rev. 2) atá difriúil le catagóir an tsealbhóra cairr. Tá feabhas an-mhall ag teacht ar an bhfadhb sin, toisc go mbraitheann formhór na mBallstát ar shonraí riaracháin le haghaidh feithiclí diúscartha.

Catagóirí dramhaíola

Leagtar amach na catagóirí dramhaíola sa Rialachán maidir le tuairisciú don Choimisiún (Eurostat). Leanann na catagóirí Aicmiú Dramhaíola na hEorpa maidir le Staidreamh[17] (EWC-Stat). Ní leagtar síos sa Rialachán go bhfuil sé riachtanach aicmiú sonrach a úsáid chun sonraí a bhailiú ar an leibhéal náisiúnta.

Bailíonn formhór na mBallstát a sonraí de réir liosta dramhaíola na hEorpa[18], ina gcuimsítear 839 gcineál dramhaíola. Le Rialachán (AE) 849/2010 ón gCoimisiún[19], áirítear tábla comhshó idir cóid an liosta dramhaíola Eorpaigh agus aicmiú EWC-Stat. Trí úsáid fhorleathan an dá aicme sin, áirithítear leibhéal comparáide ard, ar a laghad ar an leibhéal comhiomlánaithe a iarrtar sa Rialachán. Measann an Coimisiún (Eurostat) go bhfuil tionchar beag ar na hearráidí aicmithe ar chruinneas foriomlán na sonraí. Dá mbeadh mórthionchar ag earráidí aicmithe, bhraifí iad le linn an chéad bhailíochtaithe agus cheartófaí iad láithreach bonn. Bhí aon earráid amháin den chineál sin ann in 2014. In 2016 agus in 2018, ní fhacthas aon earráid den chineál sin.

Is mó an ghiniúint dramhaíola ná an chóireáil dramhaíola san Aontas

[17] Leagan reatha de EWC-Stat Rev. 4, ina bhfuil 51 chatagóir, a leagtar síos le Rialachán (AE) 849/2010 ón gCoimisiún.

[18] Arna leagan síos le Cinneadh 2000/532/CE ón gCoimisiún, arna leasú go deireanach le Cinneadh 2014/955/AE ón gCoimisiún. Déantar Aicmiú Dramhaíola na hEorpa maidir le Staidreamh (EWC-Stat) a aicmiú de réir ábhar dramhaíola amháin. Tá an liosta dramhaíola Eorpach i bhfad níos imdhealaithe ná EWC Stat, agus tá sé bunaithe ar ábhar, úsáid ábhair, agus foinse na dramhaíola.

[19] IO L 253, 28.9.2010, lch. 2.

Tá difríocht idir an méid iomlán dramhaíola a ghintear agus a chóireáiltear i measc na mBallstát.

Seasann an difríocht idir an méid dramhaíola a ghintear san Aontas i gcomparáid leis an méid a chóireáiltear ag thart ar 200 milliún tonna ó bhí 2008 ann. Comhfhreagraíonn sé sin do thart ar 10 % den dramhaíl iomlán a ghintear. Tá an bearna cobhsaí ó bhí 2008 ann: gintear níos mó dramhaíola ná mar a chóireáiltear san Aontas. I measc na gcatagóirí dramhaíola, tá an difríocht is mó le sonrú maidir le sloda agus múnlach ó chóireáil dramhaíola (thart ar 70 %) agus tá an difríocht is lú le sonrú (beagnach 0 %) maidir le hithir.

Tá an difríocht sin ann ar roinnt cúiseanna:

- Ní chóireáiltear an dramhaíl uile sa tír ina ngintear í. Ní bhailítear allmhairí ná onnmhairí dramhaíola faoin Rialachán, mar sin ní féidir na difríochtaí a eascraíonn as na hallmhairí agus na honnmhairí a chainníochtú bunaithe ar shonraí an Rialacháin. Léirítear leis na meastacháin atá bunaithe ar shonraí trádála eachtraí go dtugann an éifeacht sin míniú ar thart ar aon chúigiú den difríocht maidir leis an Aontas ina iomláine. Maidir le tíortha aonair, d'fhéadfadh an éifeacht sin a bheith níos airde.
- Bíonn ról freisin ag cion uisce na dramhaíola. Tuairiscítear gach catagóir dramhaíola, seachas sloda, i ngnáthfhliuchmheáchan. Le linn an phróisis réamhchóireála, amhail oibríochtaí cóireála ullmhúcháin an diúscairte (cóireáil an mhúnlaigh e.g. láisteáit nó eibleacht ola/uisce), caillteár an meáchan uisce, agus bíonn meáchan na dramhaíola laghdaithe agus í ag dul faoin gcóireáil deiridh.
- Díolmhaítear roinnt oibríochtaí ó raon feidhme Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán, amhail gléasraí comhloiscthe ina n-úsáidtear dramhaíl bhithmhaise áirithe amháin mar bhreosla.
- Ní dhéantar an dramhaíl uile a ghiniúint agus a chóireáil sa bhliain chéanna. D'fhéadfadh sé go ndéanfar an dramhaíl a ghintear i mbliain t a chóireáil sa bhliain t+1. Bíonn éifeachtaí féilire ann i mí na Nollag/mí Eanáir, agus stóráiltear roinnt dramhaíola go sealadach.
- D'fhéadfadh sé go gcruthófaí cineálacha dramhaíola nua le cóireáil dramhaíola, agus chuige sin d'fhéadfadh sí cur leis an nginiúint dramhaíola, e.g. d'fhéadfadh luaithreach ó loscadh dramhaíola a bheith ina dramhaíl chomh maith. Chun measúnú cainníochtúil a dhéanamh ar an éifeacht sin, measann an Coimisiún 'dramhaíl thánaisteach', lena gcomhiomlánaítear dramhaíl a chruthaítear mar thoradh ar chóireáil dramhaíola.
- Ní dhéantar feithiclí nó trealamh diúscartha a thuairisciú ar an mbealach sin ach amháin faoi staidreamh giniúint dramhaíola. Bíonn feithiclí comhdhéanta d'ábhair éagsúla, e.g. miotal agus plaisteach. Déantar na hábhair sin a thuairisciú go críochnaitheach faoi staidreamh na cóireála dramhaíola. Déantar an chóireáil dramhaíola a thomhas ag deireadh an tslabhra cóireála, i.e. i ndiaidh na diúscartha

agus na sórtála. Mar sin, ní dhéantar feithiclí ná trealamh comhchosúil a thuairisciú, ach amháin faoi staidreamh na cóireála dramhaíola i gcásanna eisceachtúla.

Mar chonclúid, ní hé toradh an staidrimh an difríocht idir cóireáil dramhaíola agus giniúint dramhaíola, toisc go bhfuil cháilíocht dhifriúil ag an dá chatagóir sin. Ina ionad sin, léirítear leis an staidreamh na difríochtaí maidir le cuspóir an dá chatagóir sin, agus maidir leis na coincheapa a úsáidtear le haghaidh an dá chatagóir sin. Mar sin féin, ag brath ar aicme na dramhaíola, ba cheart an difríocht a bheith laistigh de theorainneacha áirithe. Más rud é go sáraítear na teorainneacha sin, iarrfaidh an Coimisiún (Eurostat) míniú ón mBallstát ábhartha.

Ón gcleachtadh maidir le bailiú sonraí in 2022, leathnaigh Eurostat an cheistneoir chun catagóirí deonacha le haghaidh na mBallstát a chur san áireamh, chun giniúint/cóireáil dramhaíola agus sonraí ar onnmhairí/allmhairí dramhaíola, caillteanais uisce dramhaíola, etc a thabhairt le chéile. Tá sé beartaithe ag Eurostat a threoraíocht a uasdátú chun a iarraidh ar na Ballstáit an fhaisnéis sin a thuairisciú. Mar thoradh ar na catagóirí breise, méadófar cáilíocht na meastachán agus soláthrófar faisnéis ábhartha i gcomhthéacs an gheilleagair chiorclaigh freisin.

7. INCHOMPARÁIDEACHT

Inchomparáideacht le himeacht ama

Is uirlis úsáideach iad na tuarascálacha cáilíochta a chuireann na Ballstáit isteach chun faireachán a dhéanamh ar athruithe modheolaíochta agus ar an tionchar a bhíonn acu ar inchomparáideacht sonraí. Léirítear sna tuarascálacha cáilíochta sin go bhfuil dul chun cinn déanta ag formhór na mBallstát ar a gcur chuige maidir le staidreamh dramhaíola ar an leibhéal náisiúnta ó bhí 2004 ann. Leanann formhór na mBallstát de bheith ag cur feabhas ar an méid seo a leanas: (i) cáilíocht na sonraí trí bhailiú na sonraí (e.g. bearnaí sonraí a dhúnadh agus feabhas a chur ar an gcumhdach); agus (ii) éifeachtúlacht a modhanna.

Cruthaíodh bristeacha san amshraith mar gheall ar an bhfeabhas atá tagtha ar bhailiú sonraí le blianta anuas. Déanann na Ballstáit na tacair sonraí ó bhlianta roimhe seo a athbhreithniú chun na bristeacha sin a theorannú, agus cuirtear úsáideoirí ar an eolas mar gheall ar na hathbhreithnithe sin. Aithníonn an Coimisiún (Eurostat) neamhleanúnachas na hamshraithe sna tacair sonraí scaipthe.

Inchomparáideacht idir tíortha

Tá leibhéal ard inchomparáideachta ar fud na dtíortha ó thaobh formhór na gcineálacha dramhaíola agus formhór na n-earnálacha, de bharr sainmhínithe agus rangú i gcoiteann. Mar a luadh i Roinn 6, áfach, bíonn fadhbanna ar fud na dtíortha maidir le dramhaíl ghuaiseach a chur i gcomparáid sa chatagóir dramhaíola ‘dramhaíl cúraim sláinte agus bithdhramhaíl’, toisc go sainítear ‘guaiseach’ sa reachtaíocht náisiúnta. An chatagóir dramhaíola is mó i dtéarmaí meáchain de ná dramhaíl mhianrach, toisc go gcumhdaítear léi dhá thrian ar an meán den dramhaíl iomlán. Cruthaítear leis sin deacrachtaí ó thaobh comparáid idir tíortha a

dhéanamh ar an dramhaíl iomlán. Chun inchomparáideacht a mhéadú, foilsíonn Eurostat sonraí don táscaire 'Dramhaíl seachas príomhdhramhaíl mhianrach'.

8. BEARTA FEABHSÚCHÁIN

In 2022, athbhreithníodh an Lámhleabhar maidir le staidreamh dramhaíola – cruthaíodh an leagan roimhe sin in 2013[20]. Cuireadh leagan 2022[21] ar fáil do Bhallstáit a bhaineann leis an gcleachtadh maidir le bailiú sonraí a rinneadh i samhradh 2022. In 2023, tabharfar an lámhleabhar cothrom le dáta maidir le conas cóireáil dramhaíola agus giniúint dramhaíola a thabhairt le chéile. A luaithe agus a chríochnófar sin, foilseofar an lámhleabhar athbhreithnithe. Bhain na hathbhreithnithe is tábhachtaí go mí an Mhárta 2022 leis an méid seo a leanas:

- Oibríochtaí dramhaíola dóchúla agus neamhdhóchúla na sruthanna dramhaíola. Uaireanta léirítear leis an mbailíochtú cóireálacha neamhdhóchúla amhail aislíonadh feithiclí diúscartha nó loscadh miotal, rud ar gá a cheartú. Cuirfear dlús leis an mbailíochtú agus le foilsiú na sonraí mar gheall ar an athbhreithniú, toisc go laghdófar líon na gceartuithe a bheidh ag teastáil.
- Leithdháileadh na bhfeithiclí diúscartha go gníomhaíochtaí eacnamaíocha agus go teaghlaigh.
- Ríomh na n-ábhar tirim agus fliuch.
- Maidir le gloine, cruach, fuíoll alúmanaim agus fuíoll copair, glacadh critéir dheiridh dramhaíola shonracha, agus bhí siad le comhtháthú sa lámhleabhar.
- Teorannú níos cruinne aislíonta, líonta talún, agus buanstórála.
- Rinneadh na hathbhreithnithe dlíthiúla ó bhí an leagan deiridh ann (2010) a chomhtháthú.

Bhí formhór na n-athbhreithnithe curtha chun feidhme ag na Ballstáit cheana féin. Rinneadh iad a dhréachtú mar threoirdhoiciméid, agus ansin phléigh grúpa saineolaithe Eurostat um staidreamh dramhaíola iad. Comhtháthaíodh na treoirdhoiciméid sin sa lámhleabhar athbhreithnithe, rud a chuir an mhodheolaíocht uile ar fáil in aon doiciméad amháin.

9. AN COSTAS AGUS AN T-UALACH

Léiríonn na Ballstáit gealltanas ina dtuarascálacha cáilíochta chun an t-ualach tuairiscithe ar ghnólachtaí a choimeád chomh híseal agus gur féidir. Léirítear an gealltanas sin sa líon méadaitheach tíortha a bhailíonn faisnéis ar an ualach tuairiscithe. Bailítear an faisnéis sin ó

[20] https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-manuals-and-guidelines/-/KS-RA-13-015

[21] https://circabc.europa.eu/ui/group/b01d2930-990e-44fb-9121-a9a6b00a1283/library/7fbe72b2-edfe-471a-bdd1-303bf1b2eb7f/details

fhreagróirí trí cheistneoirí nó cinntear í de réir staidéir shonracha. Úsáideann thart ar leath de na Ballstáit sonraí riaracháin mar phríomhfhoinse le haghaidh staidreamh dramhaíola, rud a chiallaíonn go seachnaítear ualach a chur ar na soláthraithe sonraí le ceistneoirí breise. Baineann tíortha eile úsáid as sonraí riaracháin mar aon fhoinse amháin i measc an iliomad foinsí sonraí. Díolmhaítear cuideachtaí beaga ó shuirbhéanna i mbealaí éagsúla[22].

Cuireadh córais leictreonacha tuairiscithe chun feidhme i líon méadaitheach Ballstát – nó tá sé beartaithe go ndéanfar é. Sna córais sin, cuirtear na sonaí is gá faoin reachtaíocht dramhaíola ar aghaidh go huathoibríoch ó shaoráidí cóireála dramhaíola go dtí na húdaráis staidrimh náisiúnta.

10. NA HÉACHTAÍ AGUS AN T-IONCHAS

Tá feabhas seasta tagtha ar iomláine na sonraí atá curtha isteach ag na Ballstáit i gcaitheamh na mblianta. Tá leibhéal ard inchomparáideachta bainte amach ag staidreamh dramhaíola i measc na dtíortha maidir le catagóirí agus earnálacha dramhaíola. Tá cumhdach sonraí iomlán bainte amach ag na Ballstáit agus ag tíortha CSTE. Ar an iomlán, tá ard cháilíocht ar shonraí na mBallstát uile agus ar shonraí na dtíortha CSTE. Soláthraítear sonraí de cháilíocht iomchuí in dhá thír sna Balcáin Thiar, agus tá na tíortha eile ag breith suas.

Áirítear rialacha níos beaichte maidir le tomhas na n-oibríochtaí cóireála dramhaíola, chomh maith le sainmhínithe níos beaichte sa reachtaíocht ar dhramhaíl[23] a athbhreithníodh faoin bPlean Gníomhaíochta um an nGeilleagar Ciorclach. Meastar go mbeidh tionchar teoranta ag leasú 2018 na Treorach Réime Dramhaíola ar an gcleachtadh maidir le bailiú sonraí staidrimh dramhaíola atá ar siúl faoi láthair don bhliain tagartha 2020:

- Déantar sainiú níos beaichte ar phointe ríofa na cóireála dramhaíola críochnaithí. Meastar go dtiocfaidh feabhas beag ar an gcáilíocht sonraí toisc go bhfuil an coincheap sin curtha chun feidhme ag formhór na mBallstát cheana féin.

- In 2018, thuairiscigh seacht dtír maidir le haislíonadh dramhaíola guaisí. Ó mhí Iúil 2020, ní féidir dramhaíl ghuaiseach a úsáid in oibríochtaí aislíonta. Toisc nach gcuirfear an t-athrú i bhfeidhm ó thús na bliana, ní bheifear in ann tionchar an tsainithe athraithe a chainníochtú i dtéarmaí meáchain don bhliain tuairiscithe 2020.

---

22 Láimhseáiltear díolúine na gcuideachtaí beaga ó shuirbhéanna i mbealaí éagsúla. Cumhdaíonn roinnt tíortha cuideachtaí beaga trí shuirbhéanna samplacha a dhéanamh agus na torthaí a eachtarshuí. Eisiatar cuideachtaí beaga go hiomlán i bhformhór na dtíortha, áfach, i gcomhréir le hAirteagal 3(2) den Rialachán ina gceadaítear fiontair le níos lú ná 10 bhfostaithe a dhíolmhú, seachas má chuireann siad go mór le giniúint na dramhaíola. De rogha air sin, d'fhéadfaí na figiúirí a eachtarshuí trí shamhlacha meastacháin bunaithe ar tháscairí. Tá tairseacha eisiaimh éagsúla leagtha amach ag tíortha, arna gcinneadh den chuid is mó trí líon na bhfostóirí nó an méid dramhaíola a ghintear in aghaidh na bliana. Déanann roinnt tíortha an dá chritéir a mheascadh chun a áirithiú go gcumhdaítear fiú cuideachtaí beaga trí bhailiú sonraí nuair a sháraíonn siad tairseach na giniúna dramhaíola sainithe.

23 https://ec.europa.eu/environment/waste/target_review.htm

Thug an Coimisiún (Eurostat) an Lámhleabhar maidir le staidreamh dramhaíola cothrom le dáta chun na rialacha níos beaichte sin a léiriú agus chun an treoraíocht maidir le roinnt sruthanna dramhaíola a chomhtháthú. Cuireadh na pointí treoraíochta sin chun feidhme cheana féin sna Ballstáit, mar sin is é is cuspóir don nuashonrú láimhe na rialacha a bhailiú in aon áit amháin. Leanann an Coimisiún den chomhoibriú le Ballstáit trí bhearta eile freisin, mar shampla seimineáir agus malartuithe dea-chleachtas.

Oibríonn an Coimisiún (Eurostat) i gcomhar le roinnt Ballstát chun na sreafaí dramhaíola idir giniúint dramhaíola agus cóireáil dramhaíola críochnaithí a mhapáil, agus é d'aidhm acu oibríochtaí réamhchóireála a dhéanamh sofheicthe, mar a thugtar tuairisc air i Roinn 6.

Tá sonraí maidir le giniúint agus cóireáil dramhaíola ar fáil faoi láthair le haghaidh 8 mbliana tagartha, i.e. gach dara bliain ó 2004 go 2018. Agus méadú ag teacht ar an amshraith, éiríonn na sonraí níos úsáidí, agus soláthraítear ionchur maidir le táscairí a bhaineann leis an ngeilleagar ciorclach, mar shampla, nó maidir le hanailísí a bhaineann leis an aeráid.